

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 128



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

15 Bealtaine 2023

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

TREORACHA

- ★ **Treoir (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus an Treoir sin a ailíniú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainithe ag an Eagraíocht Mhuiri Idirnáisiúnta ⁽¹⁾.....** 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/947 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc ⁽¹⁾.....** 11
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/948 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2023 lena n-údaráítear salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha *Escherichia coli* BL21(DE3) a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.....** 52
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/949 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena n-údaráítear cáisénáit bhainne iarainn a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.....** 60
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/950 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núiosaigh 2'-Fúcaisiollachtós ⁽¹⁾.....** 68

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/951 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núíosaih eastóscán próitéine ó dhuáin muc ⁽¹⁾	73
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/952 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 maidir le hainm shealbhóir an údaráithe le haghaidh an táirge phríomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’ (cód uathúil SF-007) ⁽¹⁾	79
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/953 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na rialacha lena rialaítear an taraif-chuóta chun púdar bainne a onnmhairiú chuig an bPoblacht Dhoiminiceach	81
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/954 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena gceartaítear Iarscríbhinní XIII, XIV agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaráithe i dtaca le coinsíneachtaí d’fheoil úr ó chrúbaigh, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcás nach é an tAontas a gceann scríbe deiridh ⁽¹⁾	84

Ceartúcháin

★ Ceartúchán ar Threoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (códú) (IO L 330, 23.12.2022)	89
---	----

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

TREORACHA

TREOIR (AE) 2023/946 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Bealtaine 2023

lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus an Treoir sin a ailíniú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaítear le Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ leibhéal aonfhoirmeach ceanglas cobhsaíochta sonracha le haghaidh longa paisinéirí róró, leibhéal lena gcuirtear feabhas ar mharthanacht an chineáil soithigh sin i gcás damáiste de dheasca imbhuailtí agus lena soláthraítear ardleibhéal sábháilteachta do na paisinéirí agus don chriú, in éineacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (“Coinbhinsiún SOLAS”) a bhí i bhfeidhm dáta glactha na Treorach sin (“SOLAS 90”).
- (2) An 15 Meitheamh 2017, ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (“IMO”) Rún MSC.421(98) lena leasaítear Coinbhinsiún SOLAS agus lena leagtar ceanglais chobhsaíochta athbhreithnithe amach le haghaidh longa paisinéirí atá i riocht damáistithe. Tá feidhm ag na ceanglais sin freisin maidir le longa paisinéirí róró. Is gá an fhorbairt sin ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh agus rialacha agus ceanglais an Aontais a ailíniú leo siúd a leagtar síos i gCoinbhinsiún SOLAS maidir le longa paisinéirí róró a bhíonn i mbun turais idirnáisiúnta.
- (3) Faoi Rún 14 ó IMO ó Chomhdháil SOLAS 1995, ligtear do bhaill IMO comhaontuithe réigiúnacha a thabhairt i gcrích má mheasann siad go bhfuil gá le ceanglais chobhsaíochta shonracha i limistéar ainmnithe de bharr na ngnáthdhálaí farraige agus dálaí áitiúla eile sa limistéar sin.

⁽¹⁾ IO C 323, 26.8.2022, lch. 119.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Aibreán 2023.

⁽³⁾ Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais sábháilteachta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (IO L 123, 17.5.2003, lch. 22).

- (4) Is ceanglais chinnteachaíocha iad na ceanglais chobhsaíochta i gcás damáiste le haghaidh longa paisinéirí róró a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/25/CE. Dá réir sin, tá siad difriúil leis an gcóras dóchúláíoch idirnáisiúnta nua a leagtar amach i gCaibidil II-1 de Choinbhinsiún SOLAS, agus go háirithe leis na ceanglais nua lena dtomhaistear a shábháilte atá long paisinéirí róró ar bhonn an tseans atá ann go dtiocfaidh sí slán tar éis imbhualadh. Chun ceanglais an Aontais a chur i gcomhréir leis na ceanglais idirnáisiúnta nua sin, ba cheart Treoir 2003/25/CE a leasú dá réir.
- (5) Leanann na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ d'fheidhm a bheith acu maidir le longa paisinéirí róró. Mar thoradh ar an measúnú a rinneadh ar an leibhéal sábháilteachta a áirithítear le ceanglais Choinbhinsiún SOLAS arna leasú go deireanach le Rún MSC.421(98) ("SOLAS 2020") maidir le longa paisinéirí róró de mhéideanna éagsúla, thángthas ar an gconclúid gurb amhlaidh, dá gcuirfí ceanglais chobhsaíochta SOLAS 2020 i bhfeidhm, gur laghdú mór riosca an toradh a bheadh air sin le haghaidh longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun níos mó ná 1 350 duine a iompar ar bord, i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta a bheadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i dTreoir 2003/25/CE.
- (6) Ceanglais chobhsaíochta a leagtar síos sa Treoir seo maidir le longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, bheadh sé deacair na ceanglais sin a chur chun feidhme maidir le dearáí áirithe loinge. Ba cheart, dá bhrí sin, rogha a bheith ag cuideachtaí ar leo na longa sin nó a bhfuil na longa sin á n-oibriú acu i seirbhís rialta san Aontas na ceanglais chobhsaíochta is infheidhme a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi úsáid na rogha sin in éineacht leis na sonraí maidir leis na longa lena mbaineann. 10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar úsáid na rogha chun cinneadh a dhéanamh an gá athbhreithniú breise a dhéanamh ar an Treoir seo.
- (7) Maidir le longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, ba cheart cur i bhfeidhm roghnach ceanglais SOLAS 2020 a bheith ag brath ar leibhéal innéacs R níos airde a bheith ann ná mar a shainítear in SOLAS 2020, chun an leibhéal iomchuí sábháilteachta a bhaint amach.
- (8) Chun an leibhéal sábháilteachta is gá a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais chobhsaíochta shonracha i gcás damáiste freisin maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana nach raibh deimhnithe riamh i gcomhréir le Treoir 2003/25/CE agus atá á gcur i seirbhís rialta san Aontas.
- (9) Ba cheart do Stáit Chalafoirt oibriú i gcomhar le chéile a mhéid is féidir chun liosta na limistéar farraige dá dtagraítear sa Treoir seo a leagan síos, agus ceannasacht Stát ar limistéir farraige atá faoina ndlínse agus prionsabail ghinearálta dhlí na farraige á gcur san áireamh acu.
- (10) Tá cúnaimh á thabhairt ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) don Choimisiún Treoir 2003/25/CE a chur chun feidhme go héifeachtach agus ba cheart di leanúint den chúnaimh sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (11) Chun gur féidir leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo agus tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith, ba cheart do na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir le gach long paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord i seirbhís rialta i gcomhréir leis na ceanglais chobhsaíochta atá sa Treoir seo. Ba cheart na sonraí sin a sholáthar i gcomhréir leis an struchtúr a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Ba cheart na sonraí sin a bheith ar fáil do gach long paisinéirí róró nua, mar go bhfuil ceangal orthu na ceanglais chobhsaíochta dhóchúláíocha a leagtar amach in SOLAS 2020 a chomhlíonadh.

⁽⁴⁾ Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

- (12) Toisc go ndearnadh Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ a leasú, agus go ndearnadh Treoir 1999/35/CE ón gComhairle ⁽⁷⁾ a aisghairm, le Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, níl an coincheap “Stát óstach” ábhartha a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ba cheart an coincheap “Stát calafoirt” a chur ina ionad.
- (13) Chun nach gcuirfear ualach díreireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata nach bhfuil aon chalafoirt acu agus nach bhfuil aon longa paisinéirí róró acu a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/25/CE, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit sin maolú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2003/25/CE. Fágann sé sin, fad a chomhlíontar na coinníollacha sin, nach bhfuil sé d’oibleagáid orthu an Treoir sin a thrasú.
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2003/25/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2003/25/CE

Leasaítear Treoir 2003/25/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

“(b) ciallaíonn ‘long paisinéirí róró atá ann cheana’ long paisinéirí a bhfuil a cíle leagtha nó atá ag céim chomhchosúil den tógáil roimh an 5 Nollaig 2024; ciallaíonn céim chomhchosúil den tógáil an chéim ag a mbíonn na nithe seo a leanas i gceist:

(i) tosaítear ar an tógáil is inaitheanta le long shonrach; agus

(ii) tá tús curtha le cóimeáil na loinge sin ina n-úsáidtear ar a laghad 50 tona nó 1 % de mhais mheasta na n-ábhar struchtúrtha, cibé acu is lú;

(c) ciallaíonn ‘long paisinéirí róró nua’ long paisinéirí róró nach long paisinéirí róró atá ann cheana í;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún SOLAS’ an Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, agus na leasuithe a rinneadh air atá i bhfeidhm;”;

(c) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

“(ea) ciallaíonn ‘SOLAS 90’ an Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.117(74);

(eb) ciallaíonn ‘SOLAS 2009’ an Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.216(82);

(ec) ciallaíonn ‘SOLAS 2020’ an Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.421(98);”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) ciallaíonn ‘seirbhís rialta’ sraith turas trasna long paisinéirí róró a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafoirt chéanna nó níos mó, nó sraith turas amach ón gcalafoirt céanna agus chuige gan stadanna idir eatarthu, bíodh na turais sin:

(i) de réir tráthchlár foilsithe; nó

(ii) ina bhfuil turais trasna atá chomh rialta nó chomh minic sin gur féidir iad a aithint mar shraith chórasach;”;

⁽⁶⁾ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

⁽⁷⁾ Treoir 1999/35/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le córas suirbhéanna sainordaitheacha le haghaidh oibriú sábháilte seirbhísí rialta farantóireachta róró agus áirtheáil paisinéirí ardluais (IO L 138, 1.6.1999, lch. 1).

⁽⁸⁾ Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d’oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus áirtheáil paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) ciallaíonn ‘Stát Calafóirt’ Ballstát a dtéann long paisinéirí róró chuig a gcalafóirt nó amach astu ar sheirbhís rialta;”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

“(k) ciallaíonn ‘ceanglais chobhsaíochta shonracha’, nuair a úsáidtear an téarma mar théarma coiteann, na ceanglais chobhsaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6;”;

(g) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(n) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir loinge paisinéirí róró nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtghostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge paisinéirí ó úinéir na loinge.”;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiritheoidh gach Ballstát, ina cháil mar Stát Calafóirt, go ndéanfaidh longa paisinéirí róró a bhfuil bratach stáit nach Ballstát é ar foluain acu ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh go hiomlán sula bhféadfaidh siad dul i mbun turais i seirbhís rialta ó chalafoirt an Bhallstáit sin nó chucu, i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d’oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).”;

(3) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Maidir le Ballstáit nach bhfuil calafóirt acu agus nach bhfuil longa paisinéirí róró acu a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo cé is moite den oibleagáid a leagtar amach sa dara fómhír.

Na Ballstáit sin a bhfuil sé ar intinn acu leas a bhaint as an maolú sin, cuirfidh siad é sin in iúl don Choimisiún faoin 5 Nollaig 2024 más rud é gur comhlíonadh na coinníollacha, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú ina dhiaidh sin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit sin cead a thabhairt do longa paisinéirí róró a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a mbratach a chur ar foluain go dtí go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme acu.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Tonnairdísuntasacha

Úsáidfean na tonnairdísuntasacha (hS) chun airde an uisce ar dheic na gcarranna a chinneadh nuair a chuirtear i bhfeidhm na ceanglais chobhsaíochta shonracha atá i Roinn A d’Iarscríbhinn I. Is iad na figiúirí a bheidh sna tonnairdísuntasacha iad sin nach sáraítear le dóchúlacht is mó ná 10 % ar bhonn bliantúil.”;

(5) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Bunóidh Stáit Calafóirt liosta de na limistéir farraige a thrasnaíonn longa paisinéirí róró atá á n-oibriú ar sheirbhís rialta chuig a gcalafóirt nó amach astu chomh maith le luachanna comhfhreagracha na dtonnairdísuntasacha sna limistéir sin, agus coinneoidh sé an liosta cothrom le dáta.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Foilseofar an liosta i mbunachar sonraí poiblí atá ar fáil ar shuíomh idirlín an údaráis mhuirí inniúil. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le suíomh na faisnéise sin chomh maith le haon nuashonruithe ar an liosta agus na cúiseanna leis na nuashonruithe sin.”;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

“Airteagal 6

Ceanglais chobhsaíochta shonracha

1. Gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), déanfaidh longa paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun níos mó ná 1 350 duine a iompar ar bord na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020 a chomhlíonadh go hiomlán.

2. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

Maidir le gach long den chineál sin, tabharfaidh údarás riaracháin an Stáit Brataí fógra don Choimisiún laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta eisiúna an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 8 faoin gcinneadh a rinneadh maidir leis an rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus áireoidh sé leis an bhfógra sin na mionsonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

3. Agus na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, a chur i bhfeidhm, úsáidfidh na Ballstáit na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn II a mhéid atá sé sin praiticiúil agus comhoiriúnach le dearadh na loinge i gceist.

4. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun níos mó ná 1 350 duine a iompar ar bord, longa a thugann an chuideachta isteach in oibriú na seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an 5 Nollaig 2024 agus nár deimhníodh riamh i gcomhréir leis an Treoir seo, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020; nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2009.

Déanfar na ceanglais chobhsaíochta arna gcur i bhfeidhm a nótáil i ndeimhniú na loinge a cheanglaítear faoi Airteagal 8.

5. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, longa a thugann an chuideachta isteach in oibriú na seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an 5 Nollaig 2024 agus nár deimhníodh riamh i gcomhréir leis an Treoir seo, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

Déanfar na ceanglais chobhsaíochta arna gcur i bhfeidhm a nótáil i ndeimhniú na loinge dá dtagraítear in Airteagal 8.

6. Maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana a bhí á n-oibriú i seirbhís rialta chuig calafort Ballstáit nó amach as faoin 5 Nollaig 2024, coinneoidh siad orthu ag comhlíonadh na gceanglas cobhsaíochta sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I sa leagan a bhí i bhfeidhm sular tháinig Treoir (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) i bhfeidhm.

(*) Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

(**) Treoir (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus an Treoir sin a ailíniú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IO L 128, 15.5.2023, lch. 1).”;

(7) scriostar Airteagal 7.

- (8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Deimhnithe

1. Maidir leis ach na longa paisinéirí róró nua uile agus na longa paisinéirí róró uile atá ann cheana a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, iompróidh siad deimhniú lena ndeimhnítear go gcomhlíonann siad na ceanglais chobhsaíochta shonracha dá dtagraítear in Airteagal 6.

Eiseoidh údarás riaracháin an Stáit Brataí na deimhnithe agus d'fhéadfadh na deimhnithe a chumasc le deimhnithe gaolmhara eile. Le haghaidh longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, sonrúfar sa deimhniú an tonnairde shuntasach ar suas léi is féidir leis an long na ceanglais chobhsaíochta shonracha a chomhlíonadh.

Beidh an deimhniú bailí fad a bhíonn an long paisinéirí róró ag oibriú i limistéar ag a bhfuil an tonnairde shuntasach chéanna nó luach tonnairde suntasaí níos lú.

2. Aithneoidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit Calafóirt dó deimhnithe a eisíonn Ballstát eile i gcomhréir leis an Treoir seo.

3. Glacfaidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit Calafóirt dó le deimhnithe a eisíonn tríú tír lena ndeimhnítear go gcomhlíonann long paisinéirí róró na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar síos sa Treoir seo.”;

- (9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Oibriú séasúrach agus oibriú eile i dtréimhse ghearr ama

1. Más mian le cuideachta a oibríonn seirbhís rialta ó cheann ceann na bliana tuilleadh longa paisinéirí róró a thabhairt isteach le hoibriú ar feadh tréimhse níos giorra ar an tseirbhís sin, tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt tráth nach déanaí ná 1 mhí sula mbeidh na longa sin á n-oibriú ar an tseirbhís sin.

2. Más rud é, áfach, de thoradh cúinsí nach raibh coinne leo, nach mór long paisinéirí róró eile a thabhairt isteach go tapa in áit na loinge a bhí ann chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, beidh feidhm ag Airteagal 4(4) de Threoir (AE) 2017/2110 agus ag pointe 1.3 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) in ionad an cheanglais maidir le fógra a thabhairt a luaitear i mír 1.

3. Más mian le cuideachta seirbhís rialta a oibriú go séasúrach ar feadh tréimhse níos giorra nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana, tabharfaidh sí fógra d'údarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt tráth nach déanaí ná 3 mhí sula gcuirfear tús lena hoibriú.

4. Maidir le longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais shonracha in Iarscríbhinn I, Roinn A, i gcás ina dtarlaíonn an t-oibriú de réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo i ndálaí ina mbíonn tonnairde shuntasach níos ísle ann ná na tonnairdí atá leagtha síos le haghaidh an limistéir farraige chéanna don oibriú ó cheann ceann na bliana, féadfaidh an t-údarás inniúil luach na tonnairde suntasaí is infheidhme le haghaidh na tréimhse níos giorra a úsáid chun airde an uisce ar deic a chinneadh nuair a bhíonn na ceanglais chobhsaíochta shonracha atá in Iarscríbhinn I, Roinn A, á gcur i bhfeidhm aige. Déanfar luach na tonnairde suntasaí is infheidhme le haghaidh na tréimhse ama níos giorra sin a chomhaontú idir na Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme agus inar féidir, idir na Ballstáit agus tríú tíortha ar dhá cheann an bhealaigh.

5. Tar éis comhaontú le húdarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt le haghaidh oibriú de réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 3, ceanglófar ar an long paisinéirí róró a bhíonn i mbun oibriú den sórt sin deimhniú a bheith ar iompar aici lena ndeimhnítear go gcomhlíonann sí forálacha na Treorach seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 8(1).

(*) Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).”;

(10) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 13a

Athbheithniú

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 5 Meitheamh 2033. Cuirfear faisnéis bunaithe ar na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ar fáil i bhfoirm gan ainm.”;

- (11) leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2003/25/CE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;
- (12) An téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, cuirtear le Treoir 2003/25/CE é mar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 5 Nollaig 2024. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhórála an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 10 Bealtaine 2023.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN I

1. Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) tar éis an teidil, cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach:

“Roinn A”;

(b) tar éis an cheannteidil nua sin, cuirtear isteach an abairt réamhráiteach seo a leanas:

“Chun críocha Roinn A, déanfar tagairtí do rialacháin Choinbhinsiún SOLAS a fhorléiriú mar thagairtí do na rialacháin sin mar a bhí feidhm acu faoi SOLAS 90.”;

(c) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre roimh phointí 1.1 go 1.6:

“1. I dteannta cheanglais Rialachán II-1/B/8 de Choinbhinsiún SOLAS maidir le foroinnt uiscdhíonach agus cobhsaíocht i riocht damáistithe, comhlíonfar ceanglais na roinne seo.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

“3.1. I gcás long, nach bhfuil le hoibriú ach le linn tréimhse níos giorra de réir bhrí Airteagal 9, tiocfaidh Stáit Chalafoirt a áirítear sa bhealach ar chomhaontú maidir leis an tonnaíde shuntasach is infheidhme.”;

(e) cuirtear an Roinn seo a leanas léi:

“Roinn B

Comhlíonfar na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020. Mar sin féin, de mhaolú ar Rialachán II-1/B/6.2.3 de SOLAS 2020, déanfar an t-innéacs foroinne R is gá a chinneadh mar seo a leanas:

Daoine ar bord (N)	Innéacs Foroinne (R)
$N < 1\,000$	$R = 0,000088 * N + 0,7488$
$1\,000 \leq N \leq 1\,350$	$R = 0,0369 * \ln(N + 89,048) + 0,579$

Más rud é go:

$N =$ líon iomlán na ndaoine ar bord.”.

2. Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh in “Cur i bhFeidhm”:

“I gcomhréir le forálacha Airteagal 6(3) den Treoir seo, bainfidh údaráis náisiúnta riaracháin na mBallstát úsáid as na treoirlínte seo agus na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, á gcur i bhfeidhm acu, a mhéid a bheidh sé sin indéanta agus comhoiriúnach le dearadh na loinge atá i gceist. Freagraíonn uimhreacha na míreanna thíos do na huimhreacha atá in Iarscríbhinn I, Roinn A.”.

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN III

MIONSONRAÍ MAIDIR LE FÓGRA A THABHAIRT

Sonraí a bhfuil fógra le tabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(2):

I. Sonraí ginearálta

- (1) Ceanglais chobhsaíochta is infheidhme: Roinn A nó Roinn B d'Iarscríbhinn I
- (2) Uimhir aitheantais na loinge (uimhir IMO, Glao-chomhartha)
- (3) Na príomhmhionsonraí
- (4) Plean eagraithe ginearálta
- (5) An líon daoine ar bord
- (6) An t-olltonnáiste (GT)
- (7) An long dhá cheann atá ann: Is ea/Ní hea
- (8) An bhfuil bolg íseal fada ag an long: Tá/Níl

II. Sonraí sonracha – le haghaidh longa paisinéirí róró atá faoi réir na gceanglas dochúláíoch a leagtar amach i gCoinbhinsiún SOLAS

- (1) d_i , d_p , d_s ;
- (2) R – an t-innéacs is gá;
- (3) plean an leagan amach (plean sláine uiscédhíonachta) do na fo-rannáin le gach pointe oscailte inmheánach agus seachtrach lena n-áirítear a bhforannáin atá nasctha, agus na mionsonraí a úsáidtear chun na spásanna a thomhas, amhail plean eagraithe ginearálta agus plean umair; ní mór teorainneacha na bhforannán, teorainneacha fadleibhéil, trasnacha agus ceartingearacha, a áireamh ⁽¹⁾;
- (4) an t-innéacs foroinne A a bhaintear amach ag a bhfuil tábla achomair maidir leis na ranníocaíochtaí go léir do na limistéir uile a rinneadh damáiste dóibh ⁽²⁾ le colún ar leith leis an innéacs foroinne insroichte ($w*p*v$);
- (5) i gcásanna damáiste do Limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir ($w*p*v$)), is é sin $s = 0$, $s = 1$ agus $0 < s < 1$;
- (6) i gcásanna damáiste do Limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste a bhain le spásanna róró nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir ($w*p*v$)), is é sin $s = 0$, $s = 1$ agus $0 < s < 1$;
- (7) i gcás gach damáiste a chuireann leis an innéacs foroinne A a bhaintear amach, spásanna tuilte a shainnithint, luach ranníocaíochta agus fachtóir "s" ⁽³⁾;
- (8) mionsonraí maidir le damáistí neamh-rannchuidithe ($s = 0$ agus $p > 0$) le haghaidh longa paisinéirí róró atá feistithe le bolg íseal fada, lena n-áirítear mionsonraí iomlána maidir leis na fachtóirí ríofa ⁽⁴⁾.

III. Sonraí ginearálta – le haghaidh longa paisinéirí róró a gcuirtear Iarscríbhinn I, Roinn A, i bhfeidhm maidir leo

(1) Modh comhlíonta:

- Tástálacha Samhaltaithe
- Ríomhanna

Cuir in iúl ar seachnaíodh na ríomhanna i ndáil le huisce ar an deic, de bharr, mar shampla, an saorbhord iarmharach a bheith níos airde ná 2.0 m i ngach cás a raibh damáiste ann: Seachnaíodh/Níor seachnaíodh

(2) Tonnairde shuntasach de bhun Threoir 2003/25/CE.

-
- (¹) Tá an doiciméadacht seo le cur faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.2 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.
- (²) Tá an doiciméadacht seo le cur faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.
- (³) Tá an doiciméadacht seo le cur faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.
- (⁴) Tá an doiciméadacht seo le cur faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.”.
-

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/947 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Bealtaine 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar a n-onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc, ar bearta iad atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit ⁽³⁾, a liostaítear, nó a liostaítear a limistéir in Iarscríbhinn I agus II.
- (3) Na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, tá siad bunaithe ar staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas. Is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 a leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ⁽⁴⁾ go deireanach tar éis athruithe sa staid eipidéimeolaíoch maidir leis an ngalar sin sa Ghréig. Tá athrú tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin i mBallstáit áirithe lena mbaineann.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 65).

⁽³⁾ I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

⁽⁴⁾ Fógraithe faoi uimhir C(2023) 3174.

- (4) Aon leasú ar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát lena mbaineann, ar an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin, ar phrionsabail agus critéir atá bunaithe ar an eolaíocht i dtaca le criosú a shainiú go geografach de bharr fhiabhras Afracach na muc, agus ar threoirlínte an Aontais a comhaontaíodh leis na Ballstáit ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, treoirlínte atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ⁽⁵⁾. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh sna leasuithe sin freisin, caighdeáin amhail Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún ⁽⁶⁾ ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), agus ba cheart an bonn cirt a thug údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát lena mbaineann leis an gcriosú a chur san áireamh freisin.
- (5) Bhí ráigeanna nua d'fhiabhras Afracach na muc ann i measc muc-ainmhithe fiáine i bPoblacht na Seice agus san Iodáil.
- (6) I mí Bealtaine 2023, tugadh faoi deara go raibh ráig amháin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáin i réigiún Liberec i bPoblacht na Seice, i limistéar nach liostaítear faoi láthair mar chrios srianta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáin, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint léi, rud ba cheart a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Dá réir sin, an limistéar sin de Phoblacht na Seice nach liostaítear faoi láthair mar chrios srianta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, atá buailte ag an ráig sin a bhí ann le déanaí, toisc go bhfuil sé dlúth le limistéir a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I agus II agus chun leanúnachas críochach a áirithiú, ba cheart é a liostú mar chrios srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 agus ní mór teorainneacha reatha chrios srianta I a athshainiú chun an ráig sin a bhí ann le déanaí a chur san áireamh.
- (7) Ina theannta sin, i mí Bealtaine 2023, tugadh faoi deara go raibh roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc ann i measc muc-ainmhithe fiáine i Réigiún Piedmont agus Liguria na hIodáile, i limistéar a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, atá dlúth leis na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I faoi láthair. Na ráigeanna nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Dá réir sin, an limistéir sin den Iodáil a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, ar limistéir iad atá dlúth leis na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta II ar limistéir iad atá buailte ag na ráigeanna sin a tharla le déanaí, ba cheart iad a liostú mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 agus ní mór teorainneacha reatha chriosanna srianta I a athshainiú chun na ráigeanna sin a chur san áireamh.
- (8) Tar éis na ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc a bhí ann le déanaí i measc muc-ainmhithe fiáine i bPoblacht na Seice agus san Iodáil, agus an staid eipidéimeolaíoch reatha a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc san Aontas á cur san áireamh, rinneadh criosú sna Ballstáit sin a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Sa bhreis air sin, na bearta bainistithe riosca a bhí i bhfeidhm, rinneadh iad a athmheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594.
- (9) Chun na forbairt is déanaí i staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas a chur san áireamh, agus chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin ar bhealach réamhghníomhach, ba cheart criosanna srianta nua de mhéid leordhóthanach a chríochnú le haghaidh Phoblacht na Seice agus le haghaidh na hIodáile, agus ba cheart iad a liostú go cuí mar chriosanna srianta I agus II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594. Ó tharla go bhfuil an staid a mhéid a bhaineann le fiabhras Afracach na muc an-dinimiciúil san Aontas, cuireadh staid eipidéimeolaíoch na limistéir máguaird san áireamh nuair a bhí na criosanna srianta nua sin á chríochnú.
- (10) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh fhiabhras Afracach na muc, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594.

⁽⁵⁾ Doiciméad Oibre SANTE/7112/2015/Rev. 3 'Principles and criteria for geographically defining ASF regionalisation'. [Prionsabail agus critéir chun réigiúnú ASF a shainiú go geografach] https://ec.europa.eu/food/animals/animal-diseases/control-measures/asf_ga

⁽⁶⁾ Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún OIE, 29ú hEagrán, 2021. Imleabhair I agus II ISBN 978-92-95115-40-8; <https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/>

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN I

CRIOSANNA SRIANTA

CUID I

1. An Ghearmáin

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Ghearmáin:

Bundesland Brandenburg:

— Landkreis Dahme-Spreewald:

- Gemeinde Alt Zauche-Wußwerk,
- Gemeinde Byhleguhre-Byhlen,
- Gemeinde Märkische Heide, mit den Gemarkungen Alt Schadow, Neu Schadow, Pretschen, Plattkow, Wittmannsdorf, Schuhlen-Wiese, Bückchen, Kuschkow, Gröditsch, Groß Leuthen, Leibchel, Glietz, Groß Leine, Dollgen, Krugau, Dürrenhofe, Biebersdorf und Klein Leine,
- Gemeinde Neu Zauche,
- Gemeinde Schwielochsee mit den Gemarkungen Groß Liebitz, Gühlen, Mochow und Siegadel,
- Gemeinde Spreewaldheide,
- Gemeinde Straupitz,

— Landkreis Märkisch-Oderland:

- Gemeinde Müncheberg mit den Gemarkungen Müncheberg, Eggersdorf bei Müncheberg und Hoppegarten bei Müncheberg,
- Gemeinde Bliesdorf mit den Gemarkungen Kunersdorf - westlich der B167 und Bliesdorf - westlich der B167
- Gemeinde Märkische Höhe mit den Gemarkungen Reichenberg und Batzlow,
- Gemeinde Wriezen mit den Gemarkungen Haselberg, Frankenfelde, Schulzendorf, Lüdersdorf Biesdorf, Rathsdorf - westlich der B 167 und Wriezen - westlich der B167
- Gemeinde Buckow (Märkische Schweiz),
- Gemeinde Strausberg mit den Gemarkungen Hohenstein und Ruhlsdorf,
- Gemeine Garzau-Garzin,
- Gemeinde Waldsiefersdorf,
- Gemeinde Rehfelde mit der Gemarkung Werder,
- Gemeinde Reichenow-Mögelin,
- Gemeinde Prötzel mit den Gemarkungen Harnekop, Sternebeck und Prötzel östlich der B 168 und der L35,
- Gemeinde Oberbarnim,
- Gemeinde Bad Freienwalde mit der Gemarkung Sonnenburg,
- Gemeinde Falkenberg mit den Gemarkungen Dannenberg, Falkenberg westlich der L 35, Gersdorf und Krüge,
- Gemeinde Höhenland mit den Gemarkungen Steinbeck, Wollenberg und Wölsickendorf,

— Landkreis Barnim:

- Gemeinde Joachimsthal östlich der L220 (Eberswalder Straße), östlich der L23 (Töpferstraße und Templiner Straße), östlich der L239 (Glambecker Straße) und Schorfheide (JO) östlich der L238,

- Gemeinde Friedrichswalde mit der Gemarkung Glambeck östlich der L 239,
- Gemeinde Althüttendorf,
- Gemeinde Ziethen mit den Gemarkungen Groß Ziethen und Klein Ziethen westlich der B198,
- Gemeinde Chorin mit den Gemarkungen Golzow, Senftenhütte, Buchholz, Schorfheide (Ch), Chorin westlich der L200 und Sandkrug nördlich der L200,
- Gemeinde Britz,
- Gemeinde Schorfheide mit den Gemarkungen Altenhof, Werbellin, Lichterfelde und Finowfurt,
- Gemeinde (Stadt) Eberswalde mit der Gemarkungen Finow und Spechthausen und der Gemarkung Eberswalde südlich der B167 und westlich der L200,
- Gemeinde Breydin,
- Gemeinde Melchow,
- Gemeinde Sydower Fließ mit der Gemarkung Grüntal nördlich der K6006 (Landstraße nach Tuchen), östlich der Schönholzer Straße und östlich Am Postweg,
- Hohenfinow südlich der B167,
- Landkreis Uckermark:
 - Gemeinde Passow mit den Gemarkungen Briest, Passow und Schönow,
 - Gemeinde Mark Landin mit den Gemarkungen Landin nördlich der B2, Grünow und Schönermark,
 - Gemeinde Angermünde mit den Gemarkungen Frauenhagen, Mürow, Angermünde nördlich und nordwestlich der B2, Dobberzin nördlich der B2, Kerkow, Welsow, Bruchhagen, Greiffenberg, Günterberg, Biesenbrow, Görldorf, Wolletz und Altkünkendorf,
 - Gemeinde Zichow,
 - Gemeinde Casekow mit den Gemarkungen Blumberg, Wartin, Luckow-Petershagen und den Gemarkungen Biesendahlshof und Casekow westlich der L272 und nördlich der L27,
 - Gemeinde Hohenselchow-Groß Pinnow mit der Gemarkung Hohenselchow nördlich der L27,
 - Gemeinde Tantow,
 - Gemeinde Mescherin mit der Gemarkung Radekow, der Gemarkung Rosow südlich der K 7311 und der Gemarkung Neurochlitz westlich der B2,
 - Gemeinde Gartz (Oder) mit der Gemarkung Geesow westlich der B2 sowie den Gemarkungen Gartz und Hohenreinkendorf nördlich der L27 und der B2 bis zur Kastanienallee, dort links abbiegend dem Schülerweg folgend bis Höhe Bahnhof, von hier in östlicher Richtung den Salveybach kreuzend bis zum Tantower Weg, diesen in nördlicher Richtung bis zu Stettiner Straße, diese weiter folgend bis zur B2, dieser in nördlicher Richtung folgend,
 - Gemeinde Pinnow nördlich und westlich der B2,
- Landkreis Oder-Spree:
 - Gemeinde Storkow (Mark),
 - Gemeinde Spreenhagen mit den Gemarkungen Braunsdorf, Markgrafpieske, Lebbin und Spreenhagen,
 - Gemeinde Grünheide (Mark) mit den Gemarkungen Kagel, Kienbaum und Hangelsberg,
 - Gemeinde Fürstenwalde westlich der B 168 und nördlich der L 36,
 - Gemeinde Rauen,
 - Gemeinde Wendisch Rietz bis zur östlichen Uferzone des Scharmützelsees und von der südlichen Spitze des Scharmützelsees südlich der B246,

- Gemeinde Reichenwalde,
- Gemeinde Bad Saarow mit der Gemarkung Petersdorf und der Gemarkung Bad Saarow-Pieskow westlich der östlichen Uferzone des Scharmützelsees und ab nördlicher Spitze westlich der L35,
- Gemeinde Tauche mit der Gemarkung Werder,
- Gemeinde Steinhöfel mit den Gemarkungen Jänickendorf, Schönfelde, Beerfelde, Gölsdorf, Buchholz, Tempelberg und den Gemarkungen Steinhöfel, Hasenfelde und Heinersdorf westlich der L36 und der Gemarkung Neuendorf im Sande nördlich der L36,
- Landkreis Spree-Neiße:
 - Gemeinde Turnow-Preilack mit der Gemarkung Turnow,
 - Gemeinde Drachhausen,
 - Gemeinde Schmogrow-Fehrow,
 - Gemeinde Drehnow,
 - Gemeinde Guhrow,
 - Gemeinde Werben,
 - Gemeinde Dissen-Striesow,
 - Gemeinde Briesen,
 - Gemeinde Kolkwitz mit den Gemarkungen Babow, Eichow und Milkersdorf,
 - Gemeinde Burg (Spreewald),
- Landkreis Oberspreewald-Lausitz:
 - Gemeinde Lauchhammer,
 - Gemeinde Schwarzheide,
 - Gemeinde Schipkau,
 - Gemeinde Senftenberg mit den Gemarkungen Brieske, Niemtsch, Senftenberg und Reppist,
 - die Gemeinde Schwarzbach mit der Gemarkung Biehlen,
 - Gemeinde Großräschen mit den Gemarkungen Wormlage, Saalhausen, Barzig, Freienhufen, Großräschen,
 - Gemeinde Vetschau/Spreewald mit den Gemarkungen: Naundorf, Fleißdorf, Suschow, Stradow, Görzitz, Koßwig, Vetschau, Repten, Tornitz, Missen und Orgosen,
 - Gemeinde Calau mit den Gemarkungen: Kalkwitz, Mlode, Saßleben, Reuden, Bolschwitz, Säritz, Calau, Kemmen, Werchow und Gollmitz,
 - Gemeinde Luckaitztal,
 - Gemeinde Bronkow,
 - Gemeinde Altdöbern mit der Gemarkung Altdöbern westlich der Bahnlinie,
 - Gemeinde Tettau,
- Landkreis Elbe-Elster:
 - Gemeinde Großthiemig,
 - Gemeinde Hirschfeld,
 - Gemeinde Gröden,
 - Gemeinde Schraden,
 - Gemeinde Merzdorf,
 - Gemeinde Röderland mit der Gemarkung Wainsdorf, Präsen, Stolzenhain a.d. Röder,
 - Gemeinde Plessa mit der Gemarkung Plessa,

- Landkreis Prignitz:
 - Gemeinde Groß Pankow mit den Gemarkungen Baek, Tangendorf, Tacken, Hohenvier, Strigleben, Steinberg und Gulow,
 - Gemeinde Perleberg mit der Gemarkung Schönfeld,
 - Gemeinde Karstädt mit den Gemarkungen Postlin, Strehlen, Blüten, Klockow, Premslin, Glövizin, Waterloo, Karstädt, Dargardt, Garlin und die Gemarkungen Groß Warnow, Klein Warnow, Reckenzin, Streesow und Dallmin westlich der Bahnstrecke Berlin/Spandau-Hamburg/Altona,
 - Gemeinde Gölitz-Reetz,
 - Gemeinde Putlitz mit den Gemarkungen Lockstädt, Mansfeld und Laaske,
 - Gemeinde Triglitz,
 - Gemeinde Marienfließ mit der Gemarkung Frehne,
 - Gemeinde Küssernitztal mit der Gemarkungen Buckow, Preddöhl und Grabow,
 - Gemeinde Gerdshagen mit der Gemarkung Gerdshagen,
 - Gemeinde Meyenburg,
 - Gemeinde Pritzwalk mit der Gemarkung Steffenshagen,
- Bundesland Sachsen:
 - Stadt Dresden:
- (9) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire go raibh an chonclúid uaidh i ndáil le sábháilteacht an bhia núiosaigh bunaithe ar staidéir agus sonraí eolaíocha ón mais-speictriméadracht ('MS'), ón athshondas maighnéadach núicléach ('NMR') agus ón gcrómatagrafaíocht mhalartaithe anian ardfeidhmíochta le bailíochtú mhodh an bhraite aimpéarméadraigh bhíogaigh ('HPAEC-PAD') agus na torthaí chun aitheantas 6'-SL agus na fotháirgí carbaihiodráite atá sa bhia núiosach a chinneadh; an tuairisc ar na tréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na tréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach, agus na deimhnithe deascadh a bhaineann leo; an córas um imoibriú slabhrúil polaiméaraíse cainníochtúil fíor-ama ('qPCR') agus tuarascálacha maidir le bailíochtú modha le haghaidh na dtréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na dtréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach; an tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL; an tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL; an staidéar raoin dáileoige 7 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salann sóidiam 6'-SL; agus, an staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salainn sóidiam 6'-SL, atá ann i gcomhad an iarratasóra agus nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an mbia núiosach ná teacht ar a chonclúid dá uireasa.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir agus na sonraí eolaíocha sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach a bheith aige chun tagairt a dhéanamh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (11) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta dílseánaigh agus eisiacha aige chun tagairt a dhéanamh do na staidéir agus sonraí eolaíocha dílseánaigh arna gcur isteach mar thaca leis an iarratas, is iad sin, mais-speictriméadracht ('MS'), athshondas maighnéadach núicléach ('NMR') agus crómatagrafaíocht mhalartaithe anian ardfeidhmíochta le bailíochtú mhodh an bhraite aimpéarméadraigh bhíogaigh ('HPAEC-PAD') agus na torthaí chun aitheantas 6'-SL agus fotháirgí carbaihiodráite atá sa bhia núiosach a chinneadh; an tuairisc ar na tréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na tréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach, agus na deimhnithe deascadh a bhaineann leo; an córas um imoibriú slabhrúil polaiméaraíse cainníochtúil fíor-ama ('qPCR') agus tuarascálacha maidir le bailíochtú modha le haghaidh na dtréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na dtréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach; an tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL; an tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL; an staidéar raoin dáileoige 7 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salann sóidiam 6'-SL; agus, an staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salainn sóidiam 6'-SL, faoin dlí náisiúnta an tráth a chuir sé an t-iarratas isteach, agus nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na sonraí ná na staidéir sin, iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.
- (12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh bunús leordhóthanach tugtha ag an iarratasóir gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na staidéir agus sonraí eolaíocha dílseánaigh arna gcur isteach mar thaca leis an iarratas, is iad sin, mais-speictriméadracht ('MS'), athshondas maighnéadach núicléach ('NMR') agus crómatagrafaíocht mhalartaithe anian ardfeidhmíochta le bailíochtú mhodh an bhraite aimpéarméadraigh bhíogaigh ('HPAEC-PAD') agus na torthaí chun aitheantas 6'-SL agus fotháirgí carbaihiodráite atá sa bhia núiosach a chinneadh; an tuairisc ar na tréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na tréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach, agus na deimhnithe deascadh a bhaineann leo; an córas um imoibriú slabhrúil polaiméaraíse cainníochtúil fíor-ama ('qPCR') agus tuarascálacha maidir le bailíochtú modha le haghaidh na dtréithchineálacha táirgthe salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL agus na dtréithchineálacha díghrádúcháin salainn sóidiam ghéinmhodhnaithe 6'-SL atá roghnach; an tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL; an tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL; an staidéar raoin dáileoige 7 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salann sóidiam 6'-SL; agus, an staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh le salann sóidiam 6'-SL, ba cheart iad a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun 6'-SL arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21 (DE3) a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

- (13) Mar sin féin, maidir le húdarú i leith salann sóidiam 6'-SL arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3) agus an tagairt do na sonraí eolaíocha atá i gcomhad an iarratasóra a shrianadh d'úsáid an iarratasóra amháin, ní chuirfidh an srianadh sin cosc ar iarratasóirí eile ina dhiaidh sin cur isteach ar údarú chun an bia núosach céanna a chur ar an margadh, ar choinníoll go mbeidh a n-iarratas bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin.
- (14) I gcomhréir le coinníollacha úsáide forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6'-SL arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha *Escherichia coli* BL21(DE3) mar a mhol an t-iarratasóir, is gá a chur in iúl do thomhaltóirí trí lipéadú iomchuí nár cheart do naíonáin ná do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois forbhianna a bhfuil salann sóidiam 6'-SL iontu a thomhailt agus nár cheart iad a úsáid má dhéantar bianna eile arna mbreisiú le salann sóidiam 6'-SL a thomhailt ar an lá céanna.
- (15) Maidir le salann sóidiam 6'-SL arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3) a áireamh mar bhia núosach ar liosta an Aontais de bhianna núosacha, is iomchuí go mbeidh na coinníollacha úsáide is gá, na sonraíochtaí is gá agus faisnéis eile a bhaineann lena údarú, dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, san áireamh freisin.
- (16) Salann sóidiam 6'-SL arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3), ba cheart é a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- (1) Salann sóidiam 6'-Siailiol-lachtóis arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3), údaraítear é a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Salann sóidiam 6'-Siailiol-lachtós arna tháirgeadh le tréithchineálacha díorthacha de *Escherichia coli* BL21(DE3), áireofar é i liosta an Aontais de bhianna núosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

- (2) Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ní údaraítear ach an chuideachta Chr. Hansen A/S ⁽¹⁵⁾ an bia núosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas, ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin an 4 Meitheamh 2023, ach amháin má fhaigheann iarratasóir údarú ina dhiaidh sin don bhia núosach sin gan tagairt do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint de bhun Airteagal 3 nó le comhaontú ó Chr. Hansen A/S.

Airteagal 3

Na sonraí eolaíocha atá sa chomhad iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfeadh iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú ó Chr. Hansen A/S.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁵⁾ Seoladh: Boege Allé 10-12, 2970 Hoersholm, an Danmhairg.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítire:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfár an bia núíosach a úsáid		Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú	Ceanglais eile	Cosaint Sonraí
“Salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis (‘6’-SL) (arna tháirgeadh ag tréithchineálacha díorthacha de E. coli BL21(DE3))	<i>Catagóir bhia shonraithe</i>	<i>Uasleibhéil</i>	Is é ‘salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis’ ainmniú an bhia núíosaiigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis (6’-SL), beidh ráiteas air (a) nár cheart do leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois iad a thomhailt; (b) nár cheart iad a thomhailt má thomhlaítear bianna eile arna mbreisiú le salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis ar an lá céanna.		Údaraithe an 4 Meitheamh 2023. Tá an cuimsiú sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus ar shonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283. Iarratasóir: ‘Chr. Hansen A/S’, Boege Allé 10-12, 2970 Hoersholm, an Danmhairg. Is é Chr. Hansen A/S amháin atá údaraithe chun an bia núíosach salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaiigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó ‘Chr. Hansen A/S’. Dáta deiridh na cosanta sonraí: an 4 Meitheamh 2028.”
	Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0.70 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0.70 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus do leanaí óga agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0.70 g/L nó 0.70 g/kg sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena gcaitheamh ag leanaí óga	0.70 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, táirge a mhargaítear sa riocht sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Bia chun críoch speisialta míochaine do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha áirithe na naíonán agus na leanaí óga a bhfuil na táirgí ceaptha dóibh ach nach mó, in aon chás, ná 0.70 g/L nó 0.70 g/kg sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir.			

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfadh an bia núíosach a úsáid		Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú	Ceanglais eile	Cosaint Sonraí
	Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, seachas bianna do naíonáin agus leanaí óga	I gcomhréir le ceanglais shonracha chothaithe na ndaoine a mbeartaítear na táirgí dóibh			
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, don phobal i gcoitinne, seachas naíonáin agus leanaí óga	1.8 g/lá			

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítire:

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
<p>“Salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis (6’-SL) (arna tháirgeadh ag tréithchineálacha díorthacha de <i>E. coli</i> BL21(DE3))</p>	<p>Tuairisc: Is púdar nó ceirtleán idir bán agus neasbhán é salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis (6’-SL) arna tháirgeadh trí phróiseas miocróbach agus ina bhfuil leibhéil theoranta lachtóis, 6’-siailiol-lachtalóis, agus aigéid shialaigh.</p> <p>Sainmhíniú: Ainm ceimiceach: Salann sóidiam N-aicéitile-α-D-néaraimínile-(2 \rightarrow 6)-β-D-galactaipiورانóisile-(1 \rightarrow 4)-D-glúcóis Foirmle cheimiceach: C₂₃H₃₈NO₁₉Na Mais mhóilíneach: 655.53 Da Uimh. CAS: 157574-76-0 Foinse: Dhá thréithchineál ghéinmhodhnaithe (tréithchineál táirgthe, agus tréithchineál díghrádúcháin atá roghnach) de <i>Escherichia coli</i> BL21 (DE3) Saintréithe/Comhdhéanamh: Salann sóidiam 6’-Siailiol-lachtóis (% d’ábhar tirim): \geq 90.0 % (meáchan/meáchan) 6’-Siailiol-lachtalós (% d’ábhar tirim): \leq 3.0 % (meáchan/meáchan) D-Lachtós (% d’ábhar tirim): \leq 5.0 % (meáchan/meáchan) Aigéad sialach (% d’ábhar tirim): \leq 2.0 % (meáchan/meáchan) N-aicéitil-D-glúcósaimín (% d’ábhar tirim): \leq 3.0 % (meáchan/meáchan) Suim na gcarbaihiodráití eile (% d’ábhar tirim): \leq 5.0 % (meáchan/meáchan) Taisleach: \leq 9.0 % (meáchan/meáchan) Luaith: \leq 8.5 % (meáchan/meáchan) Próitéin iarmharach: \leq 0.01 % (meáchan/meáchan)</p>

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
	<p>Sóidiam: ≤ 4.2 % (meáchan/meáchan)</p> <p>Éilleáin:</p> <p>Arsanaic: ≤ 0.2 (mg/kg)</p> <p>Aflatocsain M1: ≤ 0.025 (µg/kg)</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p>An líon caighdeánach plátaí: ≤ 1 000 CFU/g</p> <p>Enterobacteriaceae: ≤ 10 CFU/g</p> <p><i>Salmonella</i> spp.: Neamhláithreacht in 25 g</p> <p>Giosta agus múscán: ≤ 100 CFU/g</p> <p><i>Cronobacter</i> spp.: Neamhláithreacht in 10 g</p> <p>Iontocsainí iarmharacha: ≤ 10 EU/mg</p> <p>^a Suim de charbaihidráití eile = 100 (% (meáchan/meáchan) d'ábhar tirim) – Salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis (% (meáchan/meáchan) d'ábhar tirim) - carbaihidráití cainníochtaithe (% (meáchan/meáchan) – Luaith (% (meáchan/meáchan) d'ábhar tirim); CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta; EU: Aonaid Iontocsaine”</p>

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/949 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023

lena n-údaráítear cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha a údaráítear agus a áirítear ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) An 16 Meitheamh 2020, chuir an chuideachta Société des Produits Nestlé S.A. (“an t-iarratasóir”) iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun próitéanáit bhainne iarainn a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach, is é sin coimpléasc iarainn le cáiséin a fhaightear ó bhainne ó bhó-ainmhithe arna chobhsú le fosfáit. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfí próitéanáit bhainne iarainn mar fhoínse iarainn i dtáirgí púdair bainne agus táirgí púdair déiríochta, i ndeochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach, in ullmhóidí de dheochanna cócó púdair, in ionadaigh chaife phúdracha nó leachtacha bunaithe ar bhraich, i mbarraí gránaigh, i núdail seachas núdail ghloine, ciúbanna stoic nó gráinníní (bonn *bouillon*), ionadaigh aonair ar bhéilí chun meáchan a rialú, ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 seachas bianna do naíonáin agus leanaí óga, agus i bhforbhianna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ atá beartaithe don phobal i gcoitinne seachas naíonáin agus leanaí óga. Luadh leibhéal úsáide bheartaithe suas le 700 mg in aghaidh an lae le haghaidh forbhianna, rud a chomhfhreagraíonn do suas le 14 mg d'iarann in aghaidh an lae. Mhol an t-iarratasóir nár cheart forbhianna ina bhfuil próitéanáit bhainne iarainn a úsáid má thomhlaítear bianna eile arna mbeisiú le próitéanáit bhainne iarainn ar an lá céanna.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

⁽⁴⁾ Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

- (4) An 16 Meitheamh 2020, chuir an t-iarratasóir iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin freisin chun go gcosnófaí sonraí dílseánaigh maidir le staidéar *in vitro* ar dhíleáiteacht na próitéine bainne iarainn faoi dhálaí gastracha ionsamhailte ⁽⁵⁾; deimhnithe na n-anailísí ar chomhdhéanamh na mbaisceanna táirgthe de phróitéiní iarainn ⁽⁶⁾; staidéar *in vitro* ar thionchar aigéid ascorbaigh ar bhith-infhaighteacht iarainn na próitéiní bainne iarainn ⁽⁷⁾; staidéar randamaithe ar dhaoine le dearadh trasach ar bhith-infhaighteacht iarainn ó bhainne iomlán ina bhfuil próitéiní bhainne iarainn i gcomparáid le sulfáit fheiriúil ⁽⁸⁾; staidéar ar ghéarthocsaineacht bhéil i gcreimirí ⁽⁹⁾; tuarascáil maidir leis an measúnú ar iontógáil próitéine bainne iarainn a eascraíonn as na húsáidí atá beartaithe ⁽¹⁰⁾; straitéis staidéir lena mbaineann cuardach litríochta agus na torthaí, arna ndéanamh ag an iarratasóir ⁽¹¹⁾; agus staidéar ar bhith-inrochtaineacht iarainn ó choimpléisc cáisíne iarainn a tháirgtear le bainne ⁽¹²⁾, arna chur isteach mar thaca leis an iarratas.
- (5) An 9 Deireadh Fómhair 2020, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú a dhéanamh ar phróitéiní bhainne iarainn mar bhia núósach i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, agus measúnú ar bhith-infhaighteacht iarainn i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE.
- (6) An 4 Lúnasa 2022 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch maidir le “Sábháilteacht cáisíne bainne iarainn mar bhia núósach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 agus bith-infhaighteacht iarainn ón bhfoinse sin i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE” ⁽¹³⁾ i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (7) Mheas an Coimisiún go bhfuil an téarma “próitéiní bhainne iarainn” a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar aitheantas an bhia núósach leathan toisc go gcuimseodh sé aon phróitéin bhainne ó bhó-ainmhithe a d'fhéadfaí a úsáid, ach i gcás an bhia núósach déantar é trí cháisín í féin a úsáid. Dá bhrí sin, téarma níos cruinne a bheadh sa téarma “cáisíní bhainne iarainn” chun tuairisc a thabhairt air. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir glacadh leis an ainmníocht “cáisíní bhainne iarainn” i gcás an bhia núósach in ionad “próitéiní bhainne iarainn”. Mar fhreagra ar iarraidh an Choimisiúin, d'aontaigh an t-iarratasóir an bia núósach a ainmniú mar “cháisíní bhainne iarainn.”
- (8) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil cáisíní bhainne iarainn sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe do na spriocghrúpaí atá beartaithe agus gur foinse iarainn é ina bhfuil iarainn bith-infhaighte. Sa tuairim sin, áfach, thug an tÚdarás dá aire, ós rud é nár shocraigh sé Uasteorainn Iontógála (“UL”), go bhféadfadh iontógáil iarainn ó bhianna áirithe agus forbhianna ina bhfuil an bia núósach dul thar na treoirleibhéil daonra a shocraigh na Ballstáit, agus go mbeadh an iontógáil iomlán iarainn ó bhianna áirithe agus forbhianna ina bhfuil an bia núósach agus ón aiste bia ginearálta, go mbeadh an iontógáil sin ard. I bhfianaise bhreithnithe an Údarais agus an ról ríthábhachtaigh atá ag iarainn i bhfiseolaíocht, i bhfás agus i bhforbairt an duine, go háirithe ag tús an tsaoil, agus i bhfianaise na líne míne idir éifeachtaí tairbheacha agus díobhálacha an iarainn ar an tsláinte ag brath ar iontógálacha, measann an Coimisiún go bhfuil gá le cur chuige an réamhchúraim.
- (9) Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir athmhachnamh a dhéanamh ar leibhéil na cáisíne bainne iarainn a moladh ina iarratas maidir le roinnt de na bianna is dóichí a chuirfidh leis an iontógáil laethúil iarainn, is é sin, táirgí bainne agus déiríochta (leibhéil suas le 950 mg/100 gr nó ml a chomhfhreagróidh do suas le 19 mg iarainn/100 gr nó ml bia), ullmhóidí de dheochanna cócó (leibhéil suas le 800 mg/100 gr nó ml a chomhfhreagróidh do suas le 16 mg iarainn/100 gr nó ml bia), barraí gránaigh (leibhéil suas le 700 mg/100 gr nó ml a chomhfhreagróidh do suas le 14 mg iarainn/100 gr nó ml bia), agus i gcás forbhianna (leibhéil suas le 700 mg/lá a chomhfhreagróidh do 14 mg iarainn in aghaidh an lae). Mar fhreagairt ar an iarraidh ón gCoimisiún, mhodhnaigh an t-iarratasóir a iarraidh agus mhol sé cáisíní bhainne iarainn a úsáid i dtáirgí bainne agus déiríochta ar leibhéil nach mó ná 500 mg/100 gr nó ml bia a chomhfhreagraíonn do suas le 10 mg iarainn/100 gr nó ml bia, in ullmhóidí de dheochanna cócó ar leibhéil

⁽⁵⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2020, nár foilsíodh).

⁽⁶⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2020, nár foilsíodh).

⁽⁷⁾ Sabatier M, Rytz A, Husny J, Dubascoux S, Nicolas M, Dave A, Singh H, Bodis M and Glahn RP, 2020 *Impact of ascorbic acid on the in vitro iron bioavailability of a casein-based ironfortificant*. *Nutrients*, 12, 2776. <https://doi.org/10.3390/nu12092776>.

⁽⁸⁾ Henare SJ, Singh NN, Ellis AM, Moughan PJ, Thompson AK and Walczyk T, 2019. Bith-infhaighteacht iarainn foirtilitheora iarainn bunaithe ar cháisín, i gcomparáid le sulfáit fheiriúil i mbainne iomlán: triail randamaithe le dearadh trasach i mná fásta. *The American Journal of Clinical Nutrition*, 110, 1362–1369.

⁽⁹⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2019, nár foilsíodh).

⁽¹⁰⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2020, nár foilsíodh).

⁽¹¹⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2020, nár foilsíodh).

⁽¹²⁾ Société des Produits Nestlé S.A. (2021, nár foilsíodh).

⁽¹³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(9):7549.

nach mó ná 400 mg/100 gr nó ml bia a chomhfhreagraíonn do suas le 8 mg iarann/100 gr nó ml bia, agus i mbarraí gránaigh ar leibhéal nach mó ná 350 mg/100 gr nó ml bia a chomhfhreagraíonn do suas le 7 mg iarann/100 gr nó ml bia. Mhodhnaigh an t-iarratasóir a iarraidh freisin a mhéid a bhaineann le cáiséanáit bhainne iarainn a úsáid i bhforbhianna, agus mhol sé í a úsáid ar leibhéal nach mó ná 700 mg/lá a chomhfhreagraíonn do suas le 14 mg iarann/lá i bhforbhianna atá beartaithe do dhaoine fásta, agus ar leibhéal nach mó ná 350 mg/lá a chomhfhreagraíonn do suas le 7 mg iarann/lá i bhforbhianna atá beartaithe do leanaí agus do dhéagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, seachas naíonáin agus leanaí óga. Ina theannta sin, thug an t-iarratasóir le fios go ndéanfaidh sé leibhéal na cáiséanáite bainne iarainn i mbianna agus i bhforbhianna a chuirtear ar mhargadh Ballstáit a choigeartú chun na huasleibhéil chomhfhreagracha iarainn a theorannú do na treoirluachanna arna sócrú ag an mBallstáit sin do gach aoisghrúpa den daonra. Measann an Coimisiún go gcomhlíonadh na húsáidí athbheithnithe na coinníollacha maidir le cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

- (10) Dá bhrí sin, maidir le cáiséanáit bhainne iarainn nuair a úsáidtear í mar fhoinsé iarainn i dtáirgí púdair bainne agus táirgí púdair déiríochta, i ndeochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach, in ullmhóidí de dheochanna cócó púdair, ionadaigh chaife phúdracha nó leachtacha bunaithe ar bhraich, i mbarraí gránaigh, i núdail seachas núdail ghloine, ciúbanna stoic nó gráinníní (boinn *bouillon*), in ionadaigh aonair ar bhéilí chun meáchan a rialú, in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 seachas bianna do naíonáin agus leanaí óga, agus i bhforbhianna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2002/46/CE ar leibhéal nach mó ná 700 mg/lá (14 mg iarann/lá) i bhforbhianna atá beartaithe do dhaoine fásta, agus ar leibhéal nach mó ná 350 mg iarann/lá (7 mg iarann/lá) i bhforbhianna atá beartaithe do leanaí agus do dhéagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, is leor na forais sa tuairim eolaíoch sin chun a shuí go comhlíonann cáiséanáit bhainne iarainn na coinníollacha a bhaineann lena cur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (11) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire go raibh an chonclúid uaidh maidir le sábháilteacht an bhia núiosaigh bunaithe ar shonraí eolaíocha ón staidéar *in vitro* ar dhíleáiteacht na cáiséanáite bainne iarainn faoi dhálaí gastracha ionsamhailte; deimhnithe na n-anailísí ar chomhdhéanamh na mbaisceanna táirgthe de cháiséanáit bhainne; an staidéar *in vitro* ar thionchar aigéid ascorbaigh ar bhith-infhaighteacht iarainn na cáiséanáite bainne iarainn; agus, an staidéar randamaithe ar dhaoine le dearadh trasach ar bhith-infhaighteacht iarainn ó bhainne iomlán ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn i gcomparáid le sulfáit fheiriúil, atá ann i gcomhad an iarratasóra agus nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an mbia núiosach ná teacht ar a chonclúid dá uireasa.
- (12) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir agus na sonraí eolaíocha sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach a bheith aige chun tagairt a dhéanamh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (13) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta dílseánaigh agus eisiacha aige chun tagairt a dhéanamh do na staidéir agus sonraí eolaíocha dílseánaigh arna gcur isteach mar thaca leis an iarratas, is é sin an staidéar *in vitro* ar dhíleáiteacht na cáiséanáite bainne faoi dhálaí gastracha ionsamhailte; deimhnithe na n-anailísí ar chomhdhéanamh na mbaisceanna táirgthe de cháiséanáit bhainne; an staidéar *in vitro* ar thionchar aigéid ascorbaigh ar bhith-infhaighteacht iarainn na cáiséanáite bainne iarainn; agus, an staidéar randamaithe ar dhaoine le dearadh trasach ar bhith-infhaighteacht iarainn ó bhainne iomlán ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn i gcomparáid le sulfáit fheiriúil, agus nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na sonraí sin ná iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh go dleathach.
- (14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh bunús leordhóthanach tugtha ag an iarratasóir gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na staidéir agus sonraí eolaíocha ón staidéar *in vitro* ar dhíleáiteacht na cáiséanáite bainne iarainn faoi dhálaí gastracha ionsamhailte; deimhnithe na n-anailísí ar chomhdhéanamh na mbaisceanna táirgthe de cháiséanáit bhainne; an staidéar *in vitro* ar thionchar aigéid ascorbaigh ar bhith-infhaighteacht iarainn na cáiséanáite bainne iarainn; agus an staidéar randamaithe ar dhaoine le dearadh trasach ar bhith-infhaighteacht iarainn ó bhainne iomlán ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn i gcomparáid le sulfáit fheiriúil, ba cheart iad sin a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

- (15) Mar sin féin, maidir le húdarú cáiséanáite bainne iarainn agus an tagairt do na sonraí eolaíocha atá i gcomhad an iarratasóra a shrianadh d'úsáid an iarratasóra amháin, ní chuirfidh an srianadh sin cosc ar iarratasóirí eile ina dhiaidh sin cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh ar choinníoll gur ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin atá a n-iarratas bunaithe.
- (16) I gcomhréir le coinníollacha úsáide na bhforbhianna ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn mar a mhol an t-iarratasóir, agus i gcomhréir le tuairim an Údaráis a mhéid a bhaineann le hiontógáil ard iarainn ó iontógáil iarainn ó bhianna agus forbhianna ina bhfuil an bia núíosach agus ón aiste bia ginearálta, is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas trí lipéadú iomchuí nár cheart do naíonáin agus do leanaí atá faoi bhun 3 bliana d'aois forbhianna ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn a thomhailt agus nár cheart iad a thomhailt má thomhlaítear bianna eile arna mbreisiú le cáiséanáit bhainne iarainn nó le comhdhúile ina bhfuil iarann ar an lá céanna.
- (17) Ós rud é go dtagann an bia núíosach ó bhainne ó bhó-ainmhithe, rud a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ mar cheann amháin de roinnt substaintí nó táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí ar bhia, ba cheart bianna ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 21 den Rialachán sin.
- (18) Ba cheart cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- (1) Údaraítear cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Áireofar cáiséanáit bhainne iarainn ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

- (2) Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ní údaraítear ach an chuideachta 'Société des Produits Nestlé S.A.' ⁽¹⁵⁾ an bia núíosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas, ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an 4 Meitheamh, ach amháin má fhaigheann iarratasóir údarú ina dhiaidh sin don bhia núíosach sin gan tagairt do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint de bhun Airteagal 3 nó le comhaontú ó "Société des Produits Nestlé S.A.".

Airteagal 3

Na sonraí eolaíocha atá sa chomhad iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfead iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú ó "Société des Produits Nestlé S.A.".

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treora 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

⁽¹⁵⁾ Seoladh: Avenue Nestlé 55, 1800 Vevey, an Eilvéis.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfár an bia núíosach a úsáid		Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
“Cáiséanáit bhainne iarainn	Catagóir bhia shonraithe	Uasleibhéil	Is é ‘cáiséanáit bhainne iarainn’ ainmniú an bhia núiosaigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil bhainne cáiséanáit iarainn, beidh ráiteas air (a) nár cheart do leanáí faoi bhun 3 bliana d’aois iad a thomhailt; (b) nár cheart iad a thomhailt má thomhlaítear bianna eile ina bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn agus/nó má thomhlaítear bianna eile arna mbreisiú le hiarann ar an lá céanna.		Údaraithe an 4 Meitheamh 2023 Tá an cuimsiú sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus ar shonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283. Iarratasóir: ‘Société des Produits Nestlé S.A.’, Avenue Nestlé 55, 1800 Vevey, an Eilvéis. Is é ‘Société des Produits Nestlé S.A.’ amháin atá údaraithe chun an bia núíosach cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núiosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó ‘Société des Produits Nestlé S.A.’. Dáta deiridh na cosanta sonraí: an 4 Meitheamh 2028.”
	Táirgí púdair bainne agus táirgí púdair déiríochta	500 mg/100 g (\leq 10 mg Fe/100 g)			
	Deochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach	85 mg/100 g (\leq 1.7 mg Fe/100 g)			
	Ullmhóidí de dheochanna cócópúdair	400 mg/100 g (\leq 8 mg Fe/100 g)			
	Ionadaigh chaife phúdracha nó leachtacha bunaithe ar bhraich	1 050 mg/100 g (\leq 21 mg Fe/100 g)			
	Barraí gránaigh	350 mg/100 g (\leq 7 mg Fe/100 g)			
	Núdail seachas núdail ghloine	75 mg/100 g (\leq 1.5 mg Fe/100 g)			
	Ciúbanna stoic nó gráinníní (bonn <i>bouillon</i>)	4 750 mg/100 g (\leq 95 mg Fe/100 g)			
	Ionadaigh aonair ar bhéil chun meáchan a rialú	120 mg/100 g (\leq 2.4 mg Fe/100 g)			
	Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialúchán (AE) Uimh. 609/2013	235 mg/béile (\leq 4.7 mg Fe/béile) nó 700 mg/lá (\leq 14.0 mg/Fe/lá)			
	Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, seachas bianna do naionáin agus leanáí óga	I gcomhréir le ceanglais shonracha chothaithe na ndaoine a mbeartaítear na táirgí dóibh			

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfár an bia núíosach a úsáid	Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh daoine fásta	700 mg/lá (\leq 14 mg Fe/lá)		
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh leanaí agus déagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, cé is moite de naíonáin agus leanaí óga	350 mg/lá (\leq 7 mg Fe/lá)		

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas:

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
“Cáiséanáit bhainne iarainn	<p>Tuairisc: Is coimpléasc cáiséin-fosfáit-iarainn cáiséanáit bhainne iarainn i bhfoirm púdair bhánbhuí nó béasa a tháirgtear trí shalainn iarainn fheireacha (sulfáit fheireach nó clóiríd fheireach) a thuaslagadh i dtuaslagán cáiséine a fhaightear ó bhainne ó bhó-ainmhithe agus ortafosfáit photaisiam i láthair tar éis sraith céimeanna lena mbaineann paistearadh, tiúchan agus triomú.</p> <p>Saintréithe/Comhdhéanamh: Próitéin (%): 50,0 - 65,0 Luaith (%): 20,0 - 40,0 Taisleach (%): < 8,0 Saill (%): < 1,0 Iarann (%): 2,0 - 4,0 Potaisiam (%): 5,0 - 15,0 Fosfar (%): 2,0 - 6,0 Sóidiam (%): < 4,0</p> <p>Miotail throma: Luaidhe: < 0,5 mg/kg Arsanaic: \leq 1,0 mg/kg Caidmiam: < 0,5 mg/kg Mearcair: < 0,1 mg/kg</p> <p>Míceatocsainí: Aflatocsain M1: \leq 0,02 mg/kg</p> <p>Critéir mhicribhithéolaíocha: An líon aeróbach plátaí: \leq 1 000 CFU/g Baictéir dhrólannacha: \leq 10 CFU/g <i>Salmonella</i> spp.: Neamhláithreachta in 25 g Giosta agus músacán: \leq 10 CFU/g</p>

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
	<i>Escherichia coli</i> : ≤ 10 CFU/g <i>Staphylococcus aureus</i> : Neamhláithreacht in 1 g CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta”

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/950 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núosaigh 2'-Fúcaisiollachtós

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2015/2283 foráiltear nach bhféadfar ach bianna núosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais de bhianna núosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) Áirítear 2'-Fúcaisiollachtós ó fhoinshe shintéiseach agus ó fhoinshe mhicróbach mar bhia núosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.
- (4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/376 ón gCoimisiún ⁽³⁾, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, údaraíodh 2'-Fúcaisiollachtós sintéiseach a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núosaigh.
- (5) An 23 Meitheamh 2016, thug an cuideachta Glycom A/S (“an t-iarratasóir”) fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97, go raibh sé beartaithe aici 2'-Fúcaisiollachtós a tháirgtear trí choipeadh baictéarach le *Escherichia coli* tréithchineál K-12 a chur ar an margadh. Áiríodh 2'-Fúcaisiollachtós de thionscnamh micróbach a tháirgtear le *Escherichia coli* tréithchineál K-12 i liosta an Aontais de bhianna núosacha ar bhonn an fhógra sin nuair a bunaíodh liosta an Aontais.
- (6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2201 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, údaraíodh 2'-Fúcaisiollachtós a tháirgtear le *Escherichia coli* tréithchineál BL21 a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núosaigh.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/376 ón gCoimisiún an 11 Márta 2016 lena n-údaraítear 2'-O-fúcaisiollachtós a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núosaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2016, lch. 27).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núosacha agus comhábhair bia núosaigh (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2201 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2017 lena n-údaraítear 2'-fúcaisiollachtós a tháirgtear le *Escherichia coli* tréithchineál BL21 a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núosaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 313, 29.11.2017, lch. 5).

- (7) An 13 Deireadh Fómhair 2022, chuir an t-iarratasóir iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, iarratas ar athrú ar choinníollacha úsáide 2'-Fúcaisiollachtóis. Maidir leis an gcoinníoll oibleagáideach nár cheart 2'-Fúcaisiollachtós nó Lachta-N-neoiteatra-ós a úsáid ach ag cóimheas 2:1 (dhá pháirt 2'-Fúcaisiollachtós le haghaidh páirt amháin Lachta-N-neoiteatra-ós) nuair a úsáidtear 2'-Fúcaisiollachtós i gcomhcheangal le Lachta-N-neoiteatra-ós i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, agus i ndeochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar do leanaí óga ag na leibhéil atá údaráithe faoi láthair, is é sin suas le 1,2 g/l, d'iarr an t-iarratasóir go mbainfí an coinníoll sin.
- (8) San iarratas ar an modhnú atá beartaithe ar choinníollacha úsáide 2'-Fúcaisiollachtóis agus maidir leis an gcóimheas oibleagáideach 2:1 idir 2'-Fúcaisiollachtós agus Lachta-N-neoiteatra-ós nuair a úsáidtear le chéile iad i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, agus i ndeochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar do leanaí óga, mheas an t-iarratasóir go gcuireann an oibleagáid sin teorainn gan ghá ar chumas na n-oibreoirí gnólachtaí bia na bianna sin a chur ar an margadh le cóimheasa éagsúla den dá olaighsiúicríd sin.
- (9) Measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. I ndáil leis sin agus sa tuairim uaidh le déanaí ⁽⁷⁾, maidir le húsáid 2'-Fúcaisiollachtóis leis féin nó úsáid Lachta-N-neoiteatra-óis leis féin i bhforbhianna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ ag na huasleibhéil atá údaráithe faoi láthair, is é sin suas le 1,2 g/lá nó suas le 0,6 mg/lá faoi seach, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an úsáid sin sábháilte, agus go mbeadh iontógáil gach ceann de na holaighsiúicrídí sin de thoradh na n-úsáidí sin níos lú ná an iontógáil Lachta-N-neoiteatra-óis nó 2'-Fúcaisiollachtóis ó bhainne daonna ina bhfuil siad go nádúrtha.
- (10) Is leor na forais atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim ón Údarás chun a shuí go bhfuil na hathruithe a iarrtar ar choinníollacha úsáide an bhia núiosaigh 2'-Fúcaisiollachtós i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasáitear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

⁽⁷⁾ *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(5):7257.

⁽⁸⁾ Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh 2'-Fúcaisiollachtóis i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
2'-Fúcaisiollachtós	<i>Catagóir bhia shonraithe</i>	<i>Uasléibhéal</i>	<p>1. Is é '2'-fúcaisiollachtós' ainmniú an bhia núíosacha a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu.</p> <p>2. Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil 2'-fúcaisiollachtós, beidh ráiteas air nár cheart na forbhianna a úsáid má thomhlaítear bianna eile arna mbreisiú le 2'-fúcaisiollachtós an lá céanna.</p> <p>3. Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil 2'-fúcaisiollachtós a cheaptar do leanaí óga, beidh ráiteas air nár cheart na forbhianna a úsáid má thomhlaítear bainne cíche nó bianna eile arna mbreisiú le 2'-fúcaisiollachtós an lá céanna.'</p>	
	Táirgí bainne paisteartha neamhbhlaistithe agus táirgí bainne steirilíthe neamhbhlaistithe (lena n-áirítear táirgí TUA)	1,2 g/l		
	Táirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe	1,2 g/l le haghaidh deochanna		
		19,2 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad		
	Táirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte	1,2 g/l le haghaidh deochanna		
		19,2 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad		
	Analóga déiríochta, lena n-áirítear gealáin deochanna	1,2 g/l le haghaidh deochanna		
		12 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad		
		400 g/kg le haghaidh gealáin		
	Barraí gránaigh	12 g/kg		
	Milseoirí boird	200 g/kg		
	Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	1,2 g/l sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, agus a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir		
Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	1,2 g/l sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, agus a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir			
Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	12 g/kg le haghaidh táirgí nach deochanna iad			
	1,2 g/l le haghaidh bianna leachtacha atá réidh le húsáid, agus a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir			

Bia núiosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núiosach a úsáid	Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar do leanaí óga	1,2 g/l le haghaidh deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, agus a mhargaítear sa riocht sin nó a athdhéantar de réir mar a threoraíonn an monaróir		
Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí ceaptha dóibh		
Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	4,8 g/l le haghaidh deochanna		
	40 g/kg le haghaidh barraí		
Táirgí aráin agus pasta a bhfuil ráitis orthu maidir le neamhláithreacht ghlútain iontu nó níos lú de iontu i gcomhréir le ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 828/2014	60 g/kg		
Deochanna blaitithe	1,2 g/l		
Caife, tae (seachas tae dubh), insiltí luibheanna agus torthaí, siocaire; tae, insiltí luibheanna agus torthaí agus eastóscáin siocaire; ullmhóidí tae, plandaí, torthaí agus gránach le haghaidh insiltí, chomh maith le meascáin agus meascáin ar an toirt de na táirgí sin	9,6 g/l — tagraíonn an t-uasleibhéal do na táirgí agus iad réidh le húsáid		
Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, don phobal i gcoitinne, seachas naíonáin	3,0 g/lá don phobal i gcoitinne		
	1,2 g/lá do leanaí óga		

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/951 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núosaigh eastóscán próitéine ó dhuáin muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núosacha a údaraítear agus atá curtha ar liosta an Aontais de bhianna núosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) Ar liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 áirítear eastóscán próitéine ó dhuáin muc mar bhia núosach údaráithe.
- (4) De bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, an 29 Feabhra 2012 thug an chuideachta Sciotec Diagnostic Technologies, GmbH fógra don Choimisiún go raibh rún aici eastóscán próitéine ó dhuáin muc a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núosaigh atá le húsáid i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus i bhforbhianna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Ar bhonn an fhógra sin, áiríodh eastóscán próitéine ó dhuáin muc ar liosta an Aontais de bhianna núosacha, nuair a cuireadh an liosta sin ar bun.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/973 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, leasaíodh sonraíochtaí an bhia núosaigh eastóscán próitéine ó dhuáin muc chun táibléid a bhfuil bratú eintreach orthu a áireamh mar fhoirm cheadaithe d'eastóscán próitéine ó dhuáin muc atá le húsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, sa bhreis ar na millíní imchochlaithe a bhfuil bratú eintreach orthu a údaraítear.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núosacha agus comhábhair bia núosaigh (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

⁽⁵⁾ Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/973 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2020 lena n-údaraítear athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núosaigh 'eastóscán próitéine ó dhuáin muc' agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 (IO L 215, 7.7.2020, lch. 7).

- (6) An 11 Iúil 2022, chuir an chuideachta Bioiberica, S.A.U ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar athrú ar shonraíochtaí an bhia núiosaigh eastóscán próitéine ó dhuáin muc chun próiseas táirgthe a áireamh sna sonraíochtaí, próiseas ina n-úsáidí sraith beart níocháin aicéatóin ar na duáin muc, agus ina dhiaidh sin bearta teas-triomaithe, meilt agus ciathrú, rud a mbeadh foirm dheiridh phúdrach bhán-donn den bhia núiosach mar thoradh air agus a fhoirmleofar i gcapsúl a bhfuil bratú eintreach orthu nó i millíní imchochlaithe a bhfuil bratú eintreach orthu nó i dtáibléid a bhfuil bratú eintreach orthu chun an áit a ndéantar an díleá go gníomhach a bhaint amach. D'iarr an t-iarratasóir freisin go n-úsáidí Crómataagrafaíocht Leachta Ultra-Ardfheidhmíochta nasctha le Brath Fluaraiseach ('UHPLC-FLD') mar mhodh breise leis an modh a údaraítear faoi láthair chun gníomhaíocht einsímeach na hocaíodáise dé-aimín atá sa phróitéin a eastóscar as duáin na muc a chinneadh. Is é toradh an mhodha sin go sloinntear gníomhaíocht na hocaíodáise dé-aimín in aonaid tomhais atá éagsúil leis na haonaid tomhais a údaraítear faoi láthair. Údar amháin a thug an t-iarratasóir lena iarraidh go gcuirfí próiseas táirgthe nua san áireamh is ea go bhfuil a phróiseas táirgthe láidir agus comhsheasmhach ó thaobh bia núiosach a tháirgeadh i gcomhréir leis na sonraíochtaí údaraithe ach nach bhfuil sé cosanta ag paitinní tríú páirtí, ós rud é go bhfuil an próiseas táirgthe bia núiosaigh a údaraítear faoi láthair ag cur cosc ar an iarratasóir agus ar oibreoirí gnólachtaí bia eile úsáid a bhaint as. Údar eile a thug an t-iarratasóir lena iarraidh go n-úsáidí modh UHPLC-FLD chun gníomhaíocht na hocaíodáise dé-aimín a thomhas is ea gur modh aitheanta é an modh sin atá éasca a bhailíochtú agus a chur chun feidhme ach atá chomh hiontaofa céanna leis an modh a údaraítear faoi láthair, is é sin modh na Measúnachta Raideastósctha.
- (7) Measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Is é an toradh a bhíonn ar an bpróiseas táirgthe ina n-úsáidítear modh an níocháin aicéatóin agus bearta teas-triomaithe, meilt agus criathrú ina dhiaidh sin go dtáirgtear bia núiosach a chomhlíonann na sonraíochtaí údaraithe uile agus níl de dhifriocht ann ach an fhoirm (púdar) agus an dath (bán-donn). Ní mheastar go mbeidh tionchar ag na hathruithe ar fhoirm fhisiceach agus ar chuma an bhia núiosaigh a fhaightear tríd mhodh an níocháin aicéatóin ar shábháilteacht an bhia núiosaigh má urramaítear na coinníollacha úsáide údaraithe agus na sonraíochtaí. Tá úsáid na gcapsúl údaraithe faoi láthair nuair is i bhfoirm millíní a bhfuil bratú eintreach orthu é an bia núiosach, agus ní dócha go n-athróidh úsáid na gcapsúl i bhfoirm phúdrach an bhia núiosaigh próifíl sábháilteachta an bhia núiosaigh údaraithe sin ach oiread.
- (8) Údaraítear aicéatón mar thuaslagóir a úsáidítear in ullmhú bianna le Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, agus rinne an tÚdarás leibhéal suas le 5 000 mg/kg d'aicéatón a mheasúnú i gcomhthéacs an mheasúnaithe sábháilteachta ar an iarratas ar chlóiríd riobóiside nicitíonaimíde mar bhia núiosach ⁽⁸⁾, lena bhain úsáidí beartaithe agus leibhéal iontógála a bhfuil coinne léi dá bharr atá comhionann le húsáidí agus leibhéal iontógála an eastóscáin próitéine ó dhuáin mhuc. Mar sin féin, measann an Coimisiún, mar ghné bhreise athdhearbhúcháin sábháilteachta, gur cheart aicéatón a chur mar pharaiméadar le sonraíochtaí an eastóscáin próitéine ó dhuáin muc a tháirgtear trí phróiseas táirgthe an níocháin aicéatóin, ar na leibhéal chéanna ($\leq 5\,000$ mg/kg) a ndearna an tÚdarás measúnú orthu agus a áirítear i sonraíochtaí na clóiríde riobóiside nicitíonaimíde a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/16 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾.
- (9) Má chuirtear an modh UHPLC-FLD ar liosta an Aontais chun gníomhaíocht einsímeach na hocaíodáise dé-aimín a chinneadh, agus maidir le sloinneadh na gníomhaíochta a thagann as sin in aonaid tomhais éagsúla, sa bhreis ar na haonaid mhodha agus tomhais a údaraítear faoi láthair, measann an Coimisiún freisin go dtabharfar modh eile d'oibreoirí gnólachtaí bia agus d'údarais forfheidhmíthe na mBallstát chun feidhmíocht agus cáilíocht an bhia núiosaigh a chuirtear ar an margadh a fhíorú.

⁽⁷⁾ Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastósctha a úsáidítear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia a chomhfhogasú (IO L 141, 6.6.2009, lch. 3).

⁽⁸⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2019; 17(8):5775.

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/16 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2020 lena n-údaraítear clóiríd riobóiside nicitíonaimíde a chur ar an margadh mar bhia núiosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 7, 13.1.2020, lch. 6).

- (10) Is leor na forais atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar shonraíochtaí an bhia núiosaigh eastóscán próitéine ó dhuáin muc i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhorghnó.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

I dTábla 2 (Sonraíochtaí) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh 'Eastóscán próitéine ó dhuáin muc':

Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíocht	
Eastóscán próitéine ó dhuáin muc	<p>Tuairisc/Sainmhíniú:</p> <p>Faightear an t-eastóscán próitéine ó dhuáin muc homaiginithe trí dheascadh salainn agus lártheifneoiríú mórluais. Is éard atá sa deascán a fhaightear go bunúsach próitéiní arb é atá in 7 % díobh an einsím ocsaíodáis dé-aimín (ainmníocht na heinsíme E.C. 1.4.3.22) agus athfhuaidrítear é i gcóras maolánach fiseolaíoch. Déantar an t-eastóscán ó dhuáin muc a fhoirmliú mar mhillíní imchoclaithe a bhfuil bratú eintreach orthu nó mar tháibléid a bhfuil bratú eintreach orthu chun na láithreacha gníomhacha sa díleá a bhaint amach.</p> <p>Buntáirge: Sonraíocht: eastóscán próitéine ó dhuáin muc ina bhfuil cion nádúrtha d'ocsaíodáis dé-aimín (DAO):</p> <p>Coinníoll fisiceach: leachtach</p> <p>Dath: scoth-dhonn</p> <p>Cuma: tuaslagán beagán moirtiúil</p> <p>luach PH: 6,4–6,8</p> <p>Gníomhaíocht einsímeach: > 2 677 kHDU DAO/ml (DAO REA (Measúnacht Raidestósctha DAO))</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p>Brachyspira spp.: diúltach (ISP Fíor-Ama)</p> <p>Listeria monocytogenes: diúltach (ISP Fíor-Ama)</p> <p>Staphylococcus aureus: < 100 CFU/g</p>	<p>Tuairisc/Sainmhíniú:</p> <p>Faightear an t-eastóscán próitéine ó dhuáin muc homaiginithe trí shraith bearta lena mbaineann níocháin aicéatóin éagsúla chun na duáin muc homaiginithe a dhíhiodráitiú agus a dhíshailliú, agus ina dhiaidh sin déantar draenáil, triomú, meilt agus ciathrú chun púdar a tháirgeadh ina bhfuil próitéiní arb é atá in 7–9 % (ar an meán) díobh cion den einsím ocsaíodáis dé-aimín (ainmníocht na heinsíme E.C. 1.4.3.22). Déantar púdar an eastóscáin ó dhuáin muc a fhoirmliú mar chapsúil a bhfuil bratú eintreach orthu nó mar mhillíní imchoclaithe a bhfuil bratú eintreach orthu nó mar tháibléid a bhfuil bratú eintreach orthu chun na láithreacha gníomhacha sa díleá a bhaint amach.</p> <p>Buntáirge: Sonraíocht: eastóscán próitéine ó dhuáin muc ina bhfuil cion nádúrtha d'ocsaíodáis dé-aimín (DAO):</p> <p>Coinníoll fisiceach: púdar</p> <p>Dath: bán-donn</p> <p>Gníomhaíocht einsímeach: ≥ 0,10 mU/mg (UHPLC-FLD (Crómatagrafaíocht Leachta Ultra-Ardfheidhmíochta nascctha le Brath Fluaraiseach)).</p> <p>Bogthaise: < 10 %</p> <p>Tuaslagóirí Iarmharacha:</p> <p>Aicéatón: < 5 000 mg/kg</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p><i>Staphylococcus aureus</i>: < 100 CFU/g</p>

	<p>An fliú A: diúltach (ISP Cúl-Trascríptáise Fíor-Ama)</p> <p><i>Escherichia coli</i>: < 10 CFU/g</p> <p>Áireamh micribhitheolaíoch coilíneachtaí aeróbacha: < 10⁵ CFU/g</p> <p>Áireamh na ngiostaí agus na músacán: < 10³ CFU/g</p> <p><i>Salmonella</i>: Neamhláithreacht/10 g</p> <p>Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh salann domlais: < 10⁴ CFU/g</p> <p>Táirgí deiridh:</p> <p>Sonraíocht an eastóscáin próitéine ó dhuáin muc ina bhfuil cion nádúrtha d'ocsaíodáis dé-aimín (E.C. 1.4.3.22) i bhfoirmliú a bhfuil bratú eintreach air:</p> <p>Coinníoll fisiceach: soladach</p> <p>Dath: liathbhúí</p> <p>Cuma: micrimhillíní nó táibléid</p> <p>Gníomhaíocht einsímeach: 110-220 kHDU DAO/g millín nó g táibléad (DAO REA (Measúnacht Raidestósctha DAO))</p> <p>Cobhsaíocht aigéid 15 nóim 0,1M HCl agus 60 nóim Borat pH = 9,0: > 68 kHDU DAO/g millín n g táibléad (DAO REA (Measúnacht Raidestósctha DAO))</p> <p>Bogthaise: < 10 %</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p><i>Staphylococcus aureus</i>: < 100 CFU/g</p> <p><i>Escherichia coli</i>: < 10 CFU/g</p>	<p><i>Escherichia coli</i>: < 10 CFU/g</p> <p>Áireamh micribhitheolaíoch coilíneachtaí aeróbacha: < 10⁴ CFU/g</p> <p>Áireamh carntha iomlán na ngiostaí agus na músacán: < 10³ CFU/g</p> <p><i>Salmonella</i>: Neamhláithreacht/10 g</p> <p>Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh salann domlais: < 10² CFU/g</p> <p><i>Listeria monocytogenes</i>: neamhláithreacht in 25 g</p> <p>Táirgí deiridh:</p> <p>Sonraíocht an eastóscáin próitéine ó dhuáin muc ina bhfuil cion nádúrtha d'ocsaíodáis dé-aimín (E.C. 1.4.3.22) i bhfoirmliú a bhfuil bratú eintreach air:</p> <p>Coinníoll fisiceach: soladach</p> <p>Dath: bán-donn</p> <p>Cuma: micrimhillíní, capsúil nó táibléid</p> <p>Gníomhaíocht einsímeach (micrimhillíní, capsúil nó táibléid): 2,29–4,6 mU/g millín nó g táibléad nó g capsúl (UHPLC-FLD (Crómatagrafaíocht Leachta Ultra-Ardfheidhmíochta nasctha le Brath Fluaraiseach)).</p> <p>Cobhsaíocht aigéid 15 nóim 0,1M HCl agus 60 nóim Borat pH = 9,0: > 1,4 mU DAO/g millín nó g táibléad nó g capsúl (UHPLC-FLD (Crómatagrafaíocht Leachta Ultra-Ardfheidhmíochta nasctha le Brath Fluaraiseach))</p> <p>Bogthaise: < 10 %</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p><i>Staphylococcus aureus</i>: < 100 CFU/g</p>
--	--	---

	<p>Áireamh micribhitheolaíoch coilíneachtaí aeróbacha: < 10⁴ CFU/g</p> <p>Áireamh carntha iomlán na ngiostaí agus na músacán: < 10³ CFU/g</p> <p><i>Salmonella</i>: Neamhláithreacht/10 g</p> <p>Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh salann domlais: < 10² CFU/g</p> <p>ISP: Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise; HDU (Aonaid Díghrádaithe Hiostaimín);</p>	<p><i>Escherichia coli</i>: < 10 CFU/g</p> <p>Áireamh micribhitheolaíoch coilíneachtaí aeróbacha: < 10⁴ CFU/g</p> <p>Áireamh carntha iomlán na ngiostaí agus na músacán: < 10³ CFU/g</p> <p><i>Salmonella</i>: Neamhláithreacht/10 g</p> <p>Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh salann domlais: < 10² CFU/g</p> <p><i>Listeria monocytogenes</i>: neamhláithreacht in 25 g</p> <p>mU: Le miollaonaid (arna shloinneadh in mU/mg) tomhaistear nanamóil (nmol) an hiostaimín a dhíghrádaítear leis an DAO in aghaidh an nóiméid trí úsáid a bhaint as Crómatagrafaíocht Leachta Ultra-Ardfheidhmíochta nasctha le Brath Fluaraiseach UHPLC-FLD (O. Comas-Basté et al. Analytical and Bioanalytical Chemistry 411:7595-7602 (2019)). Comhfhreagraíonn 1 mU do 48 000 HDU de mhodh na Measúnachta Raideastósctha DAO (REA).'</p>
--	--	---

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/952 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 maidir le hainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’ (cód uathúil SF-007)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2022, cuireadh iarratas isteach thar ceann Nactis (‘an t-iarratasóir’) i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, ina iarradh athrú a dhéanamh ar ainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’, a liostaítear sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (2) San iarratas, luaigh an t-iarratasóir go raibh an t-údarú le haghaidh an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’ le haistriú chuig JRS, J. Rettenmaier & Söhne GmbH & Co. KG. Mar thaca lena ráiteas, chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil maidir le toiliú na bpáirtithe leis an aistriú i ndáil leis an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’.
- (3) Is athrú glan riaracháin é an t-athrú atá beartaithe ar shealbhóir an údaraithe agus dá bhrí sin ní dhéanfar measúnú úr ar an táirge lena mbaineann.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 a leasú dá réir.
- (5) D’fhonn aistriú rianúil a áirithiú, is iomchuí a fhoráil maidir leis an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’, chomh maith le blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh agus bianna ina bhfuil an táirge príomhúil um blastáin deataigh nó blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh, a chomhlíonann na rialacha atá i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhféadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013, leasaítear an iontráil ar an táirge príomhúil um blastán deataigh ‘Tradismoke™ A MAX’ mar a leanas:

- (1) sa tríú ró ‘ainm shealbhóir an údaraithe’, cuirtear na focail ‘JRS, J. Rettenmaier & Söhne GmbH & Co. KG’ in ionad an fhocail ‘Nactis’;

⁽¹⁾ IO L 309, 26.11.2003, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena mbunaítear liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe atá le húsáid mar tháirgí den sórt sin i mbianna nó ar bhianna agus/nó chun blastáin deataigh díorthaithe a tháirgeadh (IO L 333, 12.12.2013, lch. 54).

(2) sa cheathrú ró 'seoladh shealbhóir an údaraithe', cuirtear na focail 'Holzmühle 1, 73494 Rosenberg, AN GHEARMÁIN' in ionad na bhfocal '36, rue Gutenberg – ZI La Marinière, 91070 Bondoufle, AN FHRAINIC'.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

An táirge príomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX' a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013, chomh maith le blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh agus bianna ina bhfuil an táirge príomhúil um blastán deataigh nó na blastáin deataigh a dhíorthaítear uathu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Meitheamh 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Meitheamh 2023 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/953 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023**

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na rialacha lena rialaítear an taraif-chuóta chun púdar bainne a onnmhairiú chuig an bPoblacht Dhoiminiceach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún⁽²⁾, leagtar síos na rialacha maidir le bainistíocht na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha i ndáil le riar na gcuótaí sin.
- (2) Ón 1 Iúil 2023, de réir an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit⁽³⁾, féadfaidh an Phoblacht Dhoiminiceach púdar bainne a allmhairiú ón Aontas ag dleacht nialasach ar chainníocht neamhtheoranta. Mar thoradh air sin agus ar mhaithe leis an tsoiléire, na forálacha maidir leis an taraif-chuóta ar onnmhairithe púdair bainne ón Aontas chuig an bPoblacht Dhoiminiceach, ba cheart iad a bhaint ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus feidhm aige ón gcéad tréimhse iarratais eile ar cheadúnas.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú dá réir.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

- (1) scriostar Airteagail 55, 56 agus 57;
- (2) Leasaítear Iarscríbhinn I agus XIII, Páirt B — Earnáil: Bainne i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas le haghaidh na tréimhse taraif-chuóta dar tús an 1 Iúil 2023.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

⁽³⁾ Cinneadh 2008/805/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 289, 30.10.2008, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus XIII, Páirt B – Earnáil: Bainne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, scriostar an ró seo a leanas:

'Cuóta púdair arna oscailt ag an bPoblacht Dhoiminiceach	Bainne agus táirgí bainne	Onnmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl
--	---------------------------	----------------	-------------------------	-----	----	--	-----

(2) scriostar an tábla seo a leanas in Iarscríbhinn XIII, Páirt B – Earnáil: Bainne:

'Sraithuimhir	Ní bhaineann le hábhar
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit Cariforum, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile
Tréimhse taraif-chuótaí	Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Níl
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Púdair bainne, bídis milsithe nó ná bídis
Ceann scríbe	An Phoblacht Dhoiminiceach
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Más ann dó, an bhfuil an comhlacht údaraithe chun é a eisiúint	Níl
Cruthúnas ar thionscnamh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	Tá, i gcomhréir le hAirteagal 55(4) den Rialachán seo
Cainníocht i gcileagraim	22 400 000 kg
Cóid AC	0402 10, 0402 21 agus 0402 29
Cruthúnas ar thrádáil	I gcomhréir le hAirteagal 8(2)(c) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/760 25 thona
Urrús i gcomhair ceadúnas onnmhairiúcháin	EUR 3 in aghaidh 100 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I gcomhréir le hAirteagal 56(3) den Rialachán seo
Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
Inaistritheacht ceadúnais	Níl
Cainníocht tagartha	Níl
Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Níl
Coinníollacha sonracha	I gcomhréir le hAirteagail 55, 56 agus 57 den Rialachán seo'

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/954 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Bealtaine 2023

lena gceartaítear Iarscríbhinní XIII, XIV agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbaigh, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcás nach é an tAontas a gceann scríbe deiridh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea gur cheart gur ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin, a thiocfaidh na coinsíneachtaí sin.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾ déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, de tháirgí geirmeacha ná de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a thagann siad, a liostaítear le haghaidh na speiceas agus na gcatagóirí áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾ bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear coinsíneachtaí de na speicis agus catagóirí ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch sin a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinn I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Nuair a

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagadh amach liostaí comhchosúla i roinnt Gníomhartha ón gCoimisiún, lena n-áirítear i Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ i gcás coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí éanlaithe clóis, agus i Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ i gcás coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus d'fheoil úr. Rinneadh Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008 agus (AE) Uimh. 206/2010 a aisghairm le Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021.

- (4) Sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach an liosta de na tríú tíortha, na críocha nó na criosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraithear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbaigh a theacht isteach san Aontas. I dteideal cholún 7 den tábla sin, ba cheart fonóta a chur isteach mar léiriú ar an bhfonóta a leagtar amach i dteideal cholún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 lena bhforáiltear maidir le feoil úr a fhaightear ó chrúbaigh a mharaítear agus a dheimhnítear roimh an dáta deiridh nach gceadófar a teacht isteach san Aontas ach amháin ar feadh tréimhse theoranta.
- (5) Ina theannta sin, i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, san iontráil le haghaidh chrios BR-2 sa Bhrasaíl, ba cheart an coinníoll sonrath "Ní dhearnadh aon vacsaíníú" a chur isteach mar léiriú ar an ráthaíocht fhorlíontach "H" i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 206/2010 ós rud é nach ndéantar aon vacsaíníú in aghaidh an ghalair crúb agus béil sa chrios sin den Bhrasaíl agus dá bhrí sin nach mór d'údarás inniúil na Brasaíle faireachas séireolaíoch rialta a chur chun feidhme chun a léiriú nach bhfuil víreas an ghalair crúb agus béil i gcúrsaíocht ann. Dá bhrí sin, ba cheart an tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.
- (6) Sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach an liosta de na tríú tíortha, na críocha nó na criosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraithear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas. I dteideal cholún 6 den tábla sin, ba cheart fonóta a chur isteach mar léiriú ar an bhfonóta a leagtar amach i dteideal cholún 6A den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 lena bhforáiltear maidir le feoil úr a fhaightear ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a mharaítear agus a dheimhnítear roimh an dáta deiridh nach gceadófar a teacht isteach san Aontas ach amháin ar feadh tréimhse theoranta. Dá bhrí sin, ba cheart an tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.
- (7) Sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach, *inter alia*, liosta de thríú tíortha, de chriocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcás nach é an tAontas a gceann scríbe deiridh. I gcolún 5 den tábla sin, san iontráil le haghaidh chrios RU-2 sa Rúis, ba cheart earráid chléireachais maidir le hainm an deimhnithe sláinte ainmhithe "BOV-X" a luaitear leis an gcrios sin a cheartú chun "BOV-X-TRANSIT-RU" a lua i gcomhréir leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le bó-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ar bó-ainmhithe iad atá beartaithe le haghaidh idirthuras ó réigiún Kaliningrad chuig réigiúin eile den Rúis trí chríoch na Liotuáine mar a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾. Dá bhrí sin, ba cheart an tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní XIII, XIV agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.
- (9) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, ba cheart éifeacht a bheith ag na ceartúcháin atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éanlaithe clóis a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a bheith ar idirthuras tríd agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún an 12 Márta 2010 lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha, críocha nó codanna díobh atá údaraithe chun ainmhithe áirithe agus feoil úr a thabhairt isteach san Aontas Eorpach agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúcháin oifigiúil maidir leis na deimhniú sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Iarscríbhinní XIII, XIV agus XXII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

(1) Ceartaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(a) i gCuid 1, ceartaítear an tábla mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theidil cholúin an tábla:

“Cód ISO agus ainm an tríú tír nó na críche	Cód an chreasa mar a leagtar amach i gCuid 2	Speicis tionscnaimh na feola a cheadaítear a theacht isteach san Aontas	Deimhnithe sláinte ainmhithe	Coinníollacha sonracha mar a leagtar amach i gCuid 3	Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe mar a leagtar amach i gCuid 4	Dáta deiridh ⁽¹⁾	Dáta oscailte
1	2	3	4	5	6	7	8

⁽¹⁾ Coinsíneachtaí d’fheoil úr ó chrúbaigh a mharaítear agus dheimhnítear roimh an dáta a leagtar amach i gcolún 7, ceadófar a dteacht isteach san Aontas le linn na tréimhse 90 lá ón dáta sin.”

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh chríos BR-2 sa Bhrasaíl:

“BR An Bhrasaíl	BR-2	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú, pH agus díchnámhú Ní dhearnadh aon vacsaíniú Cosc ar scairteach Inrianaitheacht bhreise			1.12.2008”
-----------------	------	--------------	-----	--	--	--	------------

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, i Roinn B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theidil cholúin an tábla:

“Cód ISO agus ainm an tríú tír nó na críche	Cód an chreasa mar a leagtar amach i gCuid 2	Deimhniú sláinte ainmhithe na gcatagóirí atá ceadaithe a theacht isteach san Aontas	Coinníollacha sonracha mar a leagtar amach i gCuid 3	Ráthaíochtaí breise mar a leagtar amach i gCuid 4	Dáta deiridh ⁽¹⁾	Dáta oscailte
1	2	3	4	5	6	7

⁽¹⁾ Coinsíneachtaí d’fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a mharaítear agus a dheimhnítear roimh an dáta a leagtar amach i gcolún 6, ceadófar a dteacht isteach san Aontas i rith na tréimhse 90 lá ón dáta sin’

(3) in Iarscríbhinn XXII, i gCuid 1, sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh chrios RU-2 sa Rúis:

“RU An Rúis	RU-2	Bó-ainmhithe		BOV-X-TRANSIT-RU	Ó Kaliningrad chuig mórhír na Rúise tríd an Liotuáin”		
----------------	------	--------------	--	------------------	---	--	--

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (códú)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 330 an 23 Nollaig 2022)

Ar leathanach 66, Iarscríbhinn II, mír 6, Taobh 2,

in ionad:

Taobh 2*

11. 1. Sloinne 2. Réamhainm* 3. Dáta breithe agus áit bhreithe* 4a. Dáta eisiúna 4b. Dáta éaga 4c. Udarás eisiúna* 5a. Uimhir an cheadúnais 5b. Sraithuimhir* 10. *Cód an Aontais	9	10.
	C1	
	C	
	D1	
	D	
	C1E	
	CE	
D1E		
DE		

léitear:

Taobh 2*

11. 1. Sloinne 2. Réamhainm* 3. Dáta breithe agus áit bhreithe* 4a. Dáta eisiúna 4b. Dáta éaga 4c. Udarás eisiúna* 5a. Uimhir an cheadúnais 5b. Sraithuimhir* 10. Cód an Aontais	9	10.
	C1	
	C	
	D1	
	D	
	C1E	
	CE	
D1E		
DE		

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)